Tabharfar scéim grádúcháin nua isteach don Ardteistiméireacht sa bhliain 2017. Tá breac-chuntas thíos ar an scéim grádúcháin nua agus ar an dóigh a dtagann sí leis an scéim nua.

| An Scéim Grádúcháin roimh an mBliain 2017 (an Scéim Reatha) | Marcanna mar % | | An Scéim Grádúcháin Nua ón mBliain 2017 i leith (Ardleibhéal / Gnáthleibhéal) |
|---|---|---|---|
| A1 | 90-100 | 90-100 | H1 / O1 |
| A2 | 85<90 | 80<90 | H2 / O2 |
| B1 | 80<85 | | |
| B2 | 75<80 | 70<80 | H3 / O3 |
| B3 | 70<75 | | |
| C1 | 65<70 | 60<70 | H4 / O4 |
| C2 | 60<65 | | |
| C3 | 55<60 | 50<60 | H5 / O5 |
| D1 | 50<55 | | |
| D2 | 45<50 | 40<50 | H6 / O6 |
| D3 | 40<45 | | |
| E | 25<40 | 30<40 | H7/O7 |
| F | 10<25 | 0<30 | H8/O8 |
| NG | 0<10 | | |

Tá Comhscála Pointí nua maidir le hiontráil san ardoideachas ón mbliain 2017 á thabhairt isteach freisin (féach an chéad leathanach eile).

**www.transition.ie**

QQI
Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

IoTI
Institutes of Technology Ireland

iua IRISH UNIVERSITIES ASSOCIATION

State Examinations Commission
Coimisiún Na Scrúduithe Stáit

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills



# COMHSCÁLA POINTÍ NUA MAIDIR LE HIONTRÁIL SAN ARDOIDEACHAS ÓN MBLIAIN 2017

# **COMHSCÁLA POINTÍ** NUA MAIDIR LE **HIONTRÁIL SAN ARDOIDEACHAS** ÓN MBLIAIN 2017

**An Scéim Grádúcháin Nua agus an Comhscála Pointí Nua don Ardteistiméireacht sa Bhliain 2017**

| Grád (%) | Pointí | Grád (%) | Pointí |
|---|---|---|---|
| H1 (90-100) | 100 | | |
| H2 (80<90) | 88 | | |
| H3 (70<80) | 77 | | |
| H4 (60<70) | 66 | | |
| H5 (50<60) | 56 | O1 (90-100) | 56 |
| H6 (40<50) | 46 | O2 (80<90) | 46 |
| H7 (30<40) | 37 | O3 (70<80) | 37 |
| H8 (0<30) | 0 | O4 (60<70) | 28 |
| | | O5 (50<60) | 20 |
| | | O6 (40<50) | 12 |
| | | O7 (30<40) | 0 |
| | | O8 (0<30) | 0 |

## Cé na pointí a bhronnfar i leith Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)?

| Grád GCAT | Pointí Athbhreithnithe GCAT |
|---|---|
| Pas le Gradam | **66** |
| Pas le Tuillteanas | **46** |
| Pas | **28** |

## Cad is aidhm don scála nua?

- Gnóthachtáil scolaíoch a chúiteamh go cothrom;
- Íoslaghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as roghnú randamach chun áiteanna a leithdháileadh san ardoideachas;
- An luach coibhneasta a bhaineann leis an ngnáthleibhéal agus leis an ardleibhéal sa scála pointí reatha a chaomhnú;
- Glacadh ábhar ardleibhéil a spreagadh trí líon beag pointí a bhronnadh i leith an ghráid nua H7.

## An mbronnfar bónasphointí i leith na Matamaitice go fóill?

- Leanfar ar aghaidh le 25 bónasphointe a bhronnadh i leith na Matamaitice Ardleibhéil do ghráid H6 nó níos airde.

## An féidir liom iarratas a dhéanamh tríd an Lár-Oifig Iontrála ón mbliain 2017 sa chás go ndearna mé an Ardteistiméireacht sa bhliain 2016 nó níos luaithe?

- Is faoin scála nua a bhronnfar pointí ar dhaltaí atá ag déanamh iarratais tríd an Lár-Oifig Iontrála ón mbliain 2017, is cuma cén uair a thug siad faoin Ardteistiméireacht.
- Ní féidir na pointí atá ar fáil faoin scála nua a chur i gcomparáid leis na pointí a bhronntar faoi láthair.
- Is féidir lánsonraí faoi na pointí a bronnadh ar dhaltaí Ardteistiméireachta roimh an mbliain 2017 a fháil ag **www.transition.ie.**
- An choibhéis reatha idir na pointí a bhronntar i leith Breisoideachais agus Oiliúna de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, coimeádfar ar bun í de réir an scála nua. Is féidir lánsonraí faoi na pointí athbhreithnithe a bhronntar i leith na ndámhachtainí sin a fháil ag **www.transition.ie.**

## An mbeidh athrú ann ar na bunriachtanais mháithreánaigh sa bhliain 2017 freisin?

Mar thoradh ar na gráid Ardteistiméireachta nua, beidh gá ann le bunriachtanais mháithreánaigh athbhreithnithe a thabhairt isteach mar seo a leanas freisin:

- Sa chás gurb iad 2 ghrád C3 san ardleibhéal agus 4 ghrád D3 sa ghnáthleibhéal atá sna riachtanais sin faoi láthair, beidh siad sin cothrom le 2 ghrád H5 agus le 4 ghrád O6/H7 sa bhliain 2017.
- Sa chás gurb iad 5 ghrád D3 sa ghnáthleibhéal atá sna riachtanais sin faoi láthair, beidh siad sin cothrom le 5 ghrád O6/H7 sa bhliain 2017.
- Sa chás gurb iad 3 ghrád C3 san ardleibhéal agus 3 ghrád D3 sa ghnáthleibhéal atá sna riachtanais sin faoi láthair, beidh siad sin cothrom le 3 ghrád H5 agus le 3 ghrád O6/H7 sa bhliain 2017.